

A bhreithiúna, a bhail an Gharda Síochána, a ionchúisitheoirí agus a dhaoine uaisle. Is mór an pléisiúr dom fáilte a chur romhaibh chuig 18ú Comhdháil Bhliantúil na nIonchúistheoirí Náisiúnta.

Bhí an t-ádh linn arís aoi-chainteoirí an suimiúla a fháil agus díreoidh mé orthu ar ball.

Mar thús, ba mhaith liom bás brónach an chéad Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí Eamon Barnes a lua, a tharla níba luaithe an mhí seo. Ba mhaith linn ár gcomhbhrón a ghabháil do chlann Eamon agus dá theaghlach sínte agus dár gcomhghleacaí freisin, Joe Barnes BL, a mhac.

Más eol daoibh bhí Eamon i seilbh oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ó 1975 go dtí go ndeachaigh sé ar scor i 1999. Ba mhór an taithí a chomhroinn sé agus é rannpháirteach i mbunú Chumann Idirnáisiúnta na nIonchúisitheoirí i 1995. Ba mhór an onóir d'Éirinn agus é ina uachtarán den Chumann idir 1996 agus 1999. D'oibrigh sé go dian chun misean an IAP a chomhlíonadh d'fhonn na caighdeáin is airde d'eitic agus de chleachtas ionchúisimh a chur chun cinn agus bhí ról ríthábhachtach aige maidir lena fhorbairt ina eagraíocht dhomhanda. Ó fuair sé bás fuairamar an oiread ómós ó ionchúisitheoirí agus ó iar-ionchúistheoirí ó ar fud an domhain a spreagadh ag a chur chuige ar bhonn prionsabail maidir le coireacht a ionchúiseamh.

Mar a dúirt mé nuair a fuair sé bás ba mhór an meas bhí agam air. Mar shaoránaigh an stáit seo táimid faoi chomaoin aige as an mbealach a bhunaigh sé ról an DPP, as a neamhspleáchas reachtúil a dhearbhu agus as na caighdeáin ionchúisimh is airde a bhunú atá fós ina dtreoir dúinn sa lá ata inniu ann.

Go luath ina thionacht labhair Eamon faoin dúshlán mór de bheith ina chéad DPP. Dúirt sé “Nuair is ionann tusa agus an chéad duine i ról ar bith ní mór duit caighdeáin chinnteoireachta a leagan síos, agus caighdeáin cheartais, go dóchasach, ionas nach mbeidh ar do chomharba caighdeáin a bhunú a ndearna tusa faillí ina leith”. Tá me cinnte gur féidir liom a lua gur chomhlíon se an dúshlán sin go tofa agus tá na caighdeáin a bhunaigh sé chomh ábhartha inniu agus a bhí siad riamh.

Bhí Eamon an-chomhfhiosach as “dualgas dúbailte” an ionchúisitheora mar a thagair sé dó. Ní amháin nach mór don ionchúisitheoir a chinntiú go ndéantar gach duine ar cheart é a ionchúiseamh a ionchúiseamh ach leis an díograis chéanna ní mór don ionchúisitheoir a chinntiú nach ndéantar aon duine a ionchúiseamh nár cheart é ionchúiseamh. Ba ghné bhunúsach é seo den cheartas ina bharúil.

Bhí sé an-chomhfhiosach freisin as a chinntiú nach ndéanfaí éigeart tromchúiseach d'íospartach coire mar thoradh ar chinneadh mícheart. I 1999 labhair sé faoi íospartaigh na

coireachta agus an deacracht ina leith a bhí os comhair ionchúisitheoir coinsiasach, idir na ceapa tuisle d'éigeart féideartha d'íospartaigh, do dhaoine ionchúisithe agus don phobal, agus na torthaí troma agus buana dóibh siúd ar a mbíonn tionchar ag cinneadh ionchúisitheora.

Tá sé cóir agus ceart chun smaoineamh ar chomh comhfhiosach agus a bhí Eamon Barnes maidir le leasanna íospartaigh na coireachta, díreach roimh thosú Acht an Cheartais Choiriúil (Íospartaigh na Coireachta) 2017. Cuirim fáilte roimh an Acht mar thrashuí threoir an AE maidir le cearta íospartaigh na coireachta i ndlí na hÉireann, agus mar is eol daoibh, tá iarmhairt infheicthe ina leith le dá bhliain anois.

Ón Luan 27 Samhain tiocfaidh an tAcht sin i bhfeidhm, gan dhá fhoráil nós imeachta san áireamh – Alt 19 (2) agus Alt 30 lena leasaítear an tAcht um Fhianaise Choiriúil 1992. Pléann na hait sin leis na bearta speisialta éagsúla atá le glacadh i seomraí cúirte í rith trialacha agus don chuid is mó tá na bearta á gcur i bhfeidhm cheana féin cé go ndéantar iad a oibriú ar bhonn teoranta i gcásanna áirithe.

Tá súil agam go ndéanfar feasacht a mhúscailt i measc an phobail i gcoitinne maidir leis an oiread ceart agus cosaint atá ar fáil d'íospartaigh ó ghníomhaireachtaí éagsúla a oibríonn laistigh den chóras dlí choiriúil.

Ba mhaith liom íospartaigh cionta gnéasacha a lua go háirithe. Mar is eol daoibh le haghaidh an dá bhliain seo a chuaigh thart thugamar cúiseanna as ár gcinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh, nuair is féidir, maidir le gach catagóir de chion. Thugamar faoi deara gur tháinig an chuid is mó de na hiarratais ar chúiseanna – 38% - ó ghearánaithe maidir le cionta gnéasacha. Is ionann líon na ngearánaithe i gcionta gnéasacha a iarrann athbhreithnithe agus cuid fiú níos airde de na hathbhreithnithe uile agus é coibhéiseach le 42% de na hiarratais ar athbhreithniú a fuarthas. Nuair is ionann cásanna um chionta gnéasacha agus timpeall ar 17% dár gcomhaid iomlána a fhaightear gach bliain tá sé dlisteanach an cheist a chur 'cad is cúis leis an líon díréireach ard d'iarratais ar chúiseanna agus athbhreithniú ar chásanna?

Is é mo bharúil féin go mbaineann cúiseanna casta leis seo agus mar thúsphointe ní mór a admháil gurb ionann cionta gnéasacha, tar éis cásanna marfacha, agus an cineál ciona is tromchúisí. Táthar ag súil go mbeidh an-spéis phearsanta ag gearánaithe le fáil amach cén fáth nach ndearnadh ionchúiseamh.

Ar an dara dul síos, tá an ráta ionchúisimh maidir le gearáin um chionta gnéasacha íseal go comparáideach. Uaireanta, is ionann cásanna cionta gnéasacha agus roinnt de na cásanna is casta agus d'fhéadfadh an cinneadh sna cásanna maidir le neamh-ionchúiseamh a bheith bunaithe ar roinnt fachtóirí. I mbeagnach gach cás ní bhíonn aon fhinné ann maidir leis an

gcion seachas an gearánaí. Nuair a bhíonn aosaigh i gceist is féidir nach mbíonn aon díospóid ann gur tharla gníomhaíocht ghnéasach de chineál éigin ach is é an cheist ná cibé an bhfuil fianaise imleor ann go raibh easpa comhthola ann ar thaobh an ghearánaí.

I gcásanna a bhaineann le gníomhaíocht ghnéasach le leanbh faoi aois 17 d'fhéadfadh go leor saincheisteanna a bheith i gceist lena n-áirítear an dúshlán a bhaineann le fianaise a ghlacadh ó leanaí an-óga. I gcásanna eile ina mbíonn leanaí i gceist d'fhéadfadh fachtóirí leasa phoiblí a bheith i gceist agus sna himthosca áirithe sin ní bhíonn ionchúiseamh de dhíth i leith an pháirtí eile atá ina leanbh freisin ar mhaithe le leas poiblí. Go minic is cinntí sár-chothromaithe na cinntí sin agus teastaíonn an-mhachnamh cúramach uathu.

San am céanna is féidir linn agus déanaimid cinneadh chun ionchúisimh a fhreaschur i gcásanna i dtaca le cionta gnéasacha nuair a tharlaíonn sé, tar éis athbhreithniú a dhéanamh, smaoiníonn dlíodóir go bhfuil ionchúiseamh inbhuanaithe agus go bhfuil sé chun leasa phoiblí e a dhéanamh. Is beag an líon cinntí a cuireadh ar ceal - 2% de na hiarratais iomlána ar athbhreithniú i ngach catagóir de chion. Léiríonn sé, áfach, tá súil agam, go mbaineann brí leis an gceart athbhreithnithe atá cumhdaithe anois sa reachtaíocht náisiúnta.

Cuirtear fócas athnuaite le hachtú na reachtaíochta ar cheart íospartach agus ar an dóigh a ndéantar cásanna a phlé go speisialta maidir le réimse na coireachta gnéis. Níos déanaí an mhaidin seo cluinfimid ón saineolaí dlí oirirc acadúil an tOllamh Tom O'Malley faoin oiread cionta a tugadh isteach ag an Acht Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017.

Táimid buíoch as Tom as a chuid eolais a chomhroinnt linne arís. Tá mé ag súil lena bhfuil sé le rá dúinn.

Is é mo bharúil go bhfuil deis ann anois dúinn mar chleachtóirí dlí agus mar ionchúisitheoirí fuinneamh a chur inár n-iarrachtaí chun a chinntiú go mbíonn an t-eispéireas is lú tráma is féidir ag íospartaigh na coireachta sa chóras dlí choiriúil.

Dá bhrí sin cuirim fáilte roimh an bhfógra ón Rialtas maidir leis an mBille um Nós Imeachta Coiriúil a chur in ord tosaíochta don déileáil, i measc nithe eile, le nósanna imeachta roimh thrialacha coiriúla. D'fhéadfadh iarmhairt dhomhan a bheith ag éisteachtaí athchurtha, má dhéantar iad ar dhóigh éifeachtach, ar éifeachtúlacht agus ar chostas an phróisis thrialaigh. Dhéanfaí eispéireas na n-íospartach a fheabhsú le héisteachtaí athchurtha a thugtar ar tí fianaise a thabhairt go dtí go bhfaigheann siad amach go ndéanfar an triail a cur siar, fiú le haghaidh roinnt laethanta, mar gheall ar shaincheisteanna dlí éagsúla.

Cé go bhféadadh an coigilteas maidir le ham agus airgead a bheith soiléir go leor i dtaca le cásanna fada agus casta, tá ga ann freisin saincheisteanna a chur de lámh ar bhonn

éifeachtach lena n-áirítear nochtadh roimh an triail i gcásanna nach bhfuil chomh casta, ach a d'fhéadfadh a bheith níos tromchúisí. Baineann tábhacht ar leith leis na cásanna sin do rannpháirtithe uile i dtrial choiriúil ach d'fhéadfadh tráma ar leith a bheith i gceist le haghaidh íospartach, má tharlaíonn moilleanna agus atráthanna.

Tá foirm dheiridh na forála maidir le héisteachtaí athchurtha fós le feiceáil ach tá súil agam go mbeidh stóinseacht imleor inti chun difríocht bhríomhar a dhéanamh do phróiseáil na gcásanna indíotáilte tríd na cúirteanna.

I bpáipéar amháin le Anne-Marie Lawlor ar maidin seo tagrófar d'fhoirm choitianta d'iarratas athchurtha – iarratas chun an díotáil a scor. De réir mar a thuigim, mar a thagróidh Anne-Maire, tá an dlí mar a leagtar síos sa Chúirt Achomhairc an-soiléir nuair nach dteastaíonn scoradh díotáil o leasanna an cheartais. Mar ionchúisitheoirí, ní mór dúinn a bheith feasach ar an dlí d'fhonn a chinntiú gur féidir cásanna le gearánaithe iolracha ar féidir iad a éisteacht go cóir le chéile a thriail le chéile.

Is é an mhalairt air sin an reáchtáil neamhriachtanach agus costasach go hionchasach a bhaineann le trialacha iolracha i gcoinne an chúisí chéanna agus moilleanna do ghearánaithe maidir le héisteacht na ngearán dá gcuid.

Ba mhaith liom fearadh na fáilte a chur roimh an aoi-chainteoir eile atá linn: an tOllamh Alex Biederman ó Scoil an Cheartais Choiriúil ag Ollscoil Lausanne san Eilvéis. Labhróidh sé faoi Fhabhrú Thuairisciú na hEolaíochta Fóiréinsí agus an todhchaí atá roimpi. Tá mé thar a bheith buíoch as é a thaisteal anseo chun a chuid saineolais a chomhroinnt linn.

Agus tá an Dr. Seán Redmond linn, oibrí sóisialta agus Ollamh Taca um Cheartas na hÓige faoi láthair ag Ollscoil Luimnigh a rinne staidéar, i gcomhar leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, ar Éifeachtaí na Líonraí Coireachta ar Leanaí. Is é mo thuairim go léireoidh a láithreoireacht cé chomh cumhachtach agus atá tionchar líonraí coireachta agus cé chomh fada agus a athraítear saoil leanaí leo, leanaí atá leochaileach nó a ndéantar failí ina leith cheana, b'fhéidir. Is cúiseanna casta iad na cúiseanna le coireacht na n-ógánach ach mar a thabharfaidh sé chun suntais, is dúshlán níos mó é leanaí a tharraingt amach as stíl mhaireachtála na coireachta.

Mar fhocal scoir, mo "Bhuíochas" – Ba mhaith liom Michael Murray a lua, Iar-Dhlíodóir Stáit do Chathair Luimnigh a d'éirigh as an ról sin tar éis sheirbhís 37 mbliana i Mí na Bealtaine an bhliain seo. Is eol dúinn go léir a rannchuidiú ollmhór leis an gcóras ceartais choiriúil agus ní gá sin a fhormhíniú. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis as a chuid seirbhíse poiblí don ionchúiseamh agus guím gach dea-ghuí dó. Cuirim fáilte freisin roimh a chomharba, Pádraig Mawe, mar Dlíodóir Stáit. Cé go bhfuil ról mór le glacadh aige tá mé muiníneach go ndéanfar Cathair Luimnigh a sheirbheáil go maith fós. Ba mhaith liom mo bhuíochas a

ghabháil freisin do Hugh Sheridan as a chuid dian-oibre i gContae Shligigh. Seo an chomhdháil dheireanach do Hugh mar beidh sé ag éirí as an bpost de Dhlíodóir Stáit i mí Eanáir. Guímid ádh mór air.

Cuirim fáilte roimh na habhcóidí uile a ceapadh chun an t-ionchúiseamh a ionadú ón gcomhdháil dheiridh dár chuid.

Faoi dheireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil do gach duine daoibh – sa chéad dul síos foireann na hoifige, ar nDlíodóirí Stáit agus na habhcóidí neamhspleácha uile a ionadaíonn an t-ionchúiseamh, as do thiomantas leanúnach agus as do gcuid dian-oibre. Cuirtear dúshláin romhaibh ar bhonn laethúil chun daoine a ionchúiseamh gan chamadh gan chlaonadh de réir na gcaighdeán ionchúisimh ard a luaigh me roimh seo. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin do na páirtithe leasmhara eile sa chóras ceartais choiriúil, agus go leor acu anseo inniu, as bhur dtacaíocht agus as do gcomhar.

Go raibh maith agaibh as bhur n-aird agus tá súil agam go mbainfidh sibh sult as an gcomhdháil.